

Cad is ceart an duine ann?

Ó thús ár mbeatha, ós rud é gur daonnaithe sinn, ní mór d'ár rialtais rudaí áirithe a dhéanamh chun cabhrú linn barr ár gcumais a bhaint amach. Tugtar cearta an duine ar na hionchais agus ar na héilimh sin atá againn i leith ár rialtas. Tá na cearta sin ag gach fear, bean agus leanbh.

Cén chaoi a n-oibríonn sé? Ciallaíonn cearta go gcaithfidh an rialtas:

- Urraim a thabhairt – go seachnófaí teorainneacha a chur ar na nithe gur féidir le duine a dhéanamh.
- Cosaint – duine a choimirciú ó mhí-úsáid.
- Comhlíonadh – dálaí bunúsacha a sholáthar ionas go bhféadfadh duine barr a chumais a bhaint amach.

Tá na híoschaighdeáin is bunúsaí maidir le cearta an duine pléite agus scríofa síos ag tíortha. Tá sé aontaithe ag tíortha iad a leanúint. Rinneadh dlí idirnáisiúnta de na cearta sin. Eiseamláir den áit ar féidir cearta an duine a fháil sa bhaile is ea an bunreacht.

Is ceann de phríomhchuspóirí na Náisiún Aontaithe é urraim do chearta bunúsacha an duine a chur chun cinn. Cuirtear é sin i gcrích trí ghníomhaíochtaí na Náisiún Aontaithe ar fud an domhain. Tá Oifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine freagrach as clár na Náisiún Aontaithe um chearta an duine a threorú. Is ann freisin do choistí saineolaithe a dhéanann faireachán ar cé chomh maith a chuireann tíortha a ngealltanais faoi chearta an duine i gcleachtas, agus is ann do chomhthionól tíortha dar teideal an Chomhairle um Chearta an Duine. Déanann an chomhairle sin topaicí agus staideanna éagsúla de chearta an duine ar fud an domhain a phlé.

Cad is féidir liomsa a dhéanamh? Faigh amach cad iad do chearta. Foghlaim tuilleadh faoi chlár NA um chearta an duine. Agus scaip an focal.